Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10472/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0176(NLE)**

**LIMITE**

**SCH-EVAL 132**
**ENFOPOL 289**
**COMIX 290**

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 26 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 a rinneadh ar an tSualainn maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 26 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 26 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 9.6.2023
COM(2023) 26 final

2023/0176 (NLE)
**SENSITIVE**[*]

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 a rinneadh ar an tSualainn maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta**

[*] Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

An 7 Deireadh Fómhair 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013[1], lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú. I gcomhréir le Rialachán Uimh. 1053/2013, tá clár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh 2020-2024[2] agus clár meastóireachta bliantúil le haghaidh 2022[3] curtha ar bun ag an gCoimisiún ina bhfuil pleananna mionsonraithe maidir le cuairteanna ar an láthair chuig na Ballstáit ar a ndéanfar meastóireacht, maidir leis na réimsí ar a ndéanfar meastóireacht agus maidir leis na láithreacha ar a dtabharfar cuairt.

Cumhdaíonn na réimsí ar a ndéanfar meastóireacht gach gné de *acquis* Schengen; go háirithe bainistiú na dteorainneacha seachtracha, beartas víosaí, Córas Faisnéise Schengen, cosaint sonraí, comhar póilíneachta, comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, chomh maith leis an easpa rialuithe teorann ag na teorainneacha inmheánacha. Ina theannta sin, cuirtear san áireamh sna meastóireachtaí uile saincheisteanna faoi chearta bunúsacha agus feidhmiú na n-údarás a chuireann na codanna ábhartha de *acquis* Schengen i bhfeidhm.

De bhun na gclár ilbhliantúil agus bliantúil, agus i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, idir an 21 agus an 25 Márta 2022 rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm *acquis* Schengen ag an tSualainn i réimse an chomhair póilíneachta. Sa tuarascáil mheastóireachta uathu[4] leagtar amach a dtorthaí agus a measúnuithe, lena n-áirítear dea-chleachtais agus aon easnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

In éineacht leis an tuarascáil, thug an fhoireann moltaí maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh.

Glacadh Rialachán nua, Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[5], an 9 Meitheamh 2022. In Airteagal 31(3) den Rialachán sin tá forálacha idirthréimhseacha ar dá réir is ceart, i gcás meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023, glacadh na dtuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013. Ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na meastóireachtaí sin, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta, a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922.

Dá bhrí sin, ba cheart na moltaí a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo ón gComhairle a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 1053/2013 go fóill, ach ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na meastóireachtaí sin, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta, a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922.

---

1 IO L 295, 6.11.2013, lgh. 27- 37.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 8045 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2020, lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 3692 lena mbunaítear an clár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh 2020-2024.

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 7727 ón gCoimisiún an 4 Samhain 2021 lena mbunaítear an chéad chuid den chlár meastóireachta bliantúil le haghaidh 2022 i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

4 C(2023) 260.

5 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.



PUBLIC

Sa togra seo tá na moltaí arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcuirfidh an tSualainn rialacha uile Schengen a bhaineann leis an gcomhar póilíneachta i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is feidhm leis na moltaí seo na forálacha atá ann cheana sa réimse beartais a chur chun feidhme i gceart agus go héifeachtach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Níl naisc ag na moltaí seo le príomhbheartais eile de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle iarrtar go sonrach ar an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le moltaí a ghlacadh le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach a bheidh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a shainaithneofaí le linn na meastóireachta. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a neartú agus chun comhordú níos fearr ar leibhéal an Aontais a áirithiú chun a ráthú go gcuirfidh na Ballstáit rialacha uile Schengen i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

- **Comhréireacht**

Freagraíonn Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle do chumhachtaí sonracha na Comhairle i réimse na meastóireachta frithpháirtí ar chur chun feidhme bheartais an Aontais laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais. I bhfianaise an mhéid sin, tá an togra seo le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhréireach leis an gcuspóir a shaothraítear.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Thug na Ballstáit tuairim dhearfach uathu maidir leis an tuarascáil mheastóireachta i gCoiste Schengen.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

PUBLIC

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Le linn an phróisis meastóireachta, cuireadh san áireamh cosaint na gceart bunúsach agus *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar.

## 5. EILIMINTÍ EILE

Ní bhaineann le hábhar.

PUBLIC

2023/0176 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 a rinneadh ar an tSualainn maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n- aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[6], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhair póilíneachta i leith na Sualainne i mí an Mhárta 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 260 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil ina bhfuil na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Sainaithníodh roinnt dea-chleachtas le linn na cuairte; 1) D'fhorbair an tSualainn modheolaíocht chun réimsí ina bhfuil tionchar mór ag an gcoireacht eagraithe ar phobail a shainaithint agus a mheasúnú, 2) Chuir an tSualainn ar bun creat struchtúrtha le haghaidh comhar ilghníomhaireachta maidir le dul i ngleic leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe, 3) Úsáideann Údarás Póilíneachta na Sualainne teagmhálacha éifeachtúla déthaobhacha agus iltaobhacha le fórsaí póilíneachta na dtíortha Nordacha agus le fórsaí póilíneachta comhpháirtithe réigiúnacha eile, 4) Baineann póilíní na Sualainne úsáid as Oifigigh Cásanna Idirnáisiúnta ar an leibhéal réigiúnach, 5) Tá rochtain dhíreach ar bhunachair sonraí náisiúnta agus ar Fheidhmchlár Líonra Europol um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) ag Oifigigh Idirchaidrimh na Sualainn ar an gcoigríoch, 6) Ní fhorchuireann an tSualainn srianta críochacha ná ama le tóir the isteach i gcríoch na Sualainne agus 7) D'fhorbair an tSualainn coincheap comhair 'idir muintir na háite' chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin réigiún-sonracha.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le glacadh ag an tSualainn chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. Is den tábhacht é gach ceann de na heasnaimh a leigheas, ach i bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, ba cheart tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1, 2 agus 3.

---

[6] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(4) An 9 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Moladh maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí[7]. Cé nach raibh an Moladh sin glactha tráth na meastóireachta, iarrtar ar an tSualainn é a chur san áireamh agus na moltaí ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh seo á gcur chun feidhme.

(5) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(6) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle[8] ón 1 Deireadh Fómhair 2022. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin tuarascálacha meastóireachta agus moltaí, ag tosú le tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta, a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922.

(7) Laistigh de 2 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo, ba cheart don tSualainn, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don tSualainn an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

gur cheart don tSualainn:

**Pointe Teagmhála Aonair**

1. leanúint de phróiseáil faisnéise a uathoibriú ag an bPointe Teagmhála Aonair lena n-áirítear comhtháthú Fheidhmchlár Líonra Europol um Malartú Slán Faisnéise le Córas Bainistithe Cásanna DAR;

**Bainistiú faisnéise agus bunachair sonraí**

2. feabhas a chur ar an bhfeidhmchlár náisiúnta cuardaigh (PMF) ar ríomhairí deisce agus ar ghléasanna móibíleacha ionas go bhféadfar cuardaigh aonair a dhéanamh ar réada agus ar dhaoine, agus á áirithiú an tráth céanna go mbeidh seiceálacha i gCóras Faisnéise Schengen agus i mbunachair sonraí Interpol uathoibríoch. Leis an bhfeidhmchlár móibíleach mPMF ba cheart a bheith in ann freisin cuardach a dhéanamh ar fheithiclí eachtracha agus i mbunachar sonraí Interpol i ndáil le doiciméid atá goidte nó caillte;
3. rochtain chuardaigh ar Chóras Faisnéise Europol agus/nó QUEST a dheonú d'imscrúdaitheoirí eile ar bhonn riachtanas eolais, mar aon leis an oiliúint chomhfhreagrach a chur ar úsáideoirí deiridh;
4. uathlódálaí sonraí a chur ar bun chun faisnéis a chur isteach i gCóras Faisnéise Europol, lena n-áirítear faisnéis maidir le cásanna imscrúduithe gníomhacha a thagann faoi shainordú Europol;
5. rochtain dhíreach ar Fheidhmchlár Líonra Europol um Malartú Slán Faisnéise a áirithiú do gach oifigeach a mbainfeadh a chuid oibre ar líonraí coiriúla leas as an rochtain sin;
6. rochtain ar an mbunachar sonraí Custam a dheonú agus a leathnú chuig póilíní i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;

[7] IO L 158, 13.6.2022, lgh. 53–64

[8] Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

7. an líon ceamaraí uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR) a mhéadú, ceamaraí atá in ann cros-seiceáil a dhéanamh ar bhunachair sonraí phóilíneachta (idir)náisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta i bhfianaise gluaiseacht leanúnach thrasteorann dronganna coirpeach;

8. réiteach teicniúil a fhorbairt chun rochtain ríomhairithe ar chláir gnólachtaí a sholáthraíonn lóistín le haghaidh fanacht ghearrthéarmach náisiúnach tríú tír sa tSualainn a thabhairt d'oifigigh forfheidhmithe dlí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta más gá sin, faoi réir coimircí leormhaithe cosanta sonraí;

**Teileachumarsáid raidió**

9. úsáid uirlisí teileachumarsáide raidió idir-inoibritheacha trasteorann a áirithiú, i gcomhpháirtíocht leis an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 44 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a Chur chun Feidhme;

**Acmhainní daonna agus oiliúint**

10. breis (ábhar) oiliúna atá leanúnach, éigeantach agus domhain a sholáthar do na baill foirne ábhartha uile maidir le húsáid bunachar sonraí póilíneachta idirnáisiúnta agus uirlisí comhair (amhail rochtain ar Chóras Faisnéise Schengen le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí, Airteagal 45 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a Chur chun Feidhme agus Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle), agus an oiliúint sin saincheaptha do na tuairiscí ar chúraimí éagsúla;

11. feabhas a chur ar sholáimhsitheacht agus ábhar an suímh inlín do Phóilíní na Sualainne (Intrapolis), lena n-áirítear ábhair a bhaineann le Comhar Póilíneachta Idirnáisiúnta chun leanúint d'fhaisnéis a scaipeadh agus chun tacú le huirlisí an Chomhair Idirnáisiúnta i bhForfheidhmiú an Dlí agus chun iad a chur chun cinn;

**Comhar póilíneachta trasteorann**

12. córas clárúcháin a bhunú le haghaidh oibríochtaí trasteorann faoi Airteagail 40 agus 41 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a Chur chun Feidhme lenar féidir staitisticí náisiúnta iontaofa a thiomsú maidir leis na hoibríochtaí sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC